


An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais



AN ROINN DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS
DEPARTMENT OF JUSTICE AND EQUALITY



Achoimre
Feidhmiúcháin



An Dara Plean
Gníomhaíochta Náisiúnta chun
Gáinneáil ar Dhaoine in Éirinn a
Chosc agus a Chomhrac



RÉAMHRÁ LEIS AN TÁNAISTE AGUS AN TAIRE DLÍ AGUS CIRT AGUS

COMHIONANNAIS

FRANCES FITZGERALD, T.D.



Tuigeann Rialtas na hÉireann go mbaineann gáinneáil ar dhaoine ó na prionsabail maidir le cearta an duine agus dínit an duine aonair agus ní bheidh aon ghlacadh le daoine a ghabhann i mbun aon chuid den gháinneáil.

Féachtar, tríd an Dara Plean Gníomhaíochta seo, le cur leis an obair a rinneadh go dtí seo agus an straitéis a dtabharfar fúithi i rith na mblianta seo romhainn a leagan amach. Rinneadh an Plean an dhréachtadh i gcomhar lenár gcuid páirtneírí, idir pháirtneírí náisiúnta agus pháirtneírí idirnáisiúnta agus tagann sé faoi anáil an lón foghlama atá déanta maidir leis an réimse seo le roinnt blianta anuas. Tugtar aird chomh maith ar a bhfuil geallta faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta, ina measc *Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa faoi Bheartaíocht in aghaidh na Gáinneála ar Dhaoine, Prótacal na Náisiún Aontaithe chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar mhná agus ar leanaí a Chosc, a Chur faoi Chois agus Pionós a Ghearradh ina Leith* a chuireann le *Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireachta*

Eagraithe Trasnáisiúnta agus Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus íospartaigh na gáinneála a chosaint.

Is mór agam Treoir an AE maidir le gáinneáil ar dhaoine, trína léirítear a thugtha atá Stáit uile an AE d'oibriú as lámh a chéile d'fhonn na caighdeáin maidir le cur in aghaidh na gáinneála ar dhaoine a fheabhsú ar fud an Aontais. Leanfar den bheartaíocht i ndáil leis an obair thábhachtach seo ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Tá leas ag Éirinn as breithniú idirnáisiúnta a rinneadh le blianta beaga anuas ar na gnáis oibre agus na polasaithe i ndáil leis an réimse seo. Féachtar tríd an Dara Plean Náisiúnta le teacht i dtír ar na buanna a sonraíodh trí bhearta breithniúcháin den sórt sin agus, ní is tábhachtach, le feabhas agus forfheabhas a chur ar an obair de réir mar is gá sin.

Tá a ngealltar faoin bPlean seo a thabhairt i gcrích ag brath ar réimse leathan comhlachtaí éagsúla ar fud an Rialtais agus

na Seirbhísí Stáit. Is den tábhacht chomh maith an ról a bhíonn ag an tSochaí Shibhialta i ndáil leis an gceist seo a thabhairt chun aire; bíonn ról cinniúnach agus chomh maith. Beidh an pháirtneireacht idir an Stát agus an tSochaí Shibhialta ina chuid lárnach den chur chuige agus sinn ag dul i ngleic leis an gcoir uafásach seo agus ag cuidiú le daoine a fhulaingíonn dá bharr.

Frances

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Coir ghráinniúil an gháinneáil ar dhaoine a sháraíonn cearta bunúsacha an duine agus nach féidir glacadh leis sa saol sibhialta nua-aoiseach. Is casta an cheist í a bhaineann le réimsí éagsúla den saol agus a ghoilleann ar réimse leathan íospartach. Ina ainneoin sin, fágann an gháinneáil a bheith ina uisce faoi thalamh go mbíonn na híospartaigh ar an gcuid is mó a bhíonn i mbaol agus is deacra a shábháil agus gur iomaí cás a théann gan aon tuairisc air agus gan a thabhairt faoi deara.

Cé gur féidir an ghnáth-thuisctint ar gháinneáil a bhunú ar an nóisean gurb é a bhaineann leis daoine a aistriú ó áit amháin go dtí an dara háit, is den tábhacht go gcothófaí an tuiscint nach mar a chéile gáinneáil ar dhaoine agus daoine a smuigleáil. Is gníomh an gháinneáil ar dhaoine lena ngabhann drochíde d'fhonn dúshaothrú a dhéanamh ar shaol dhuine. Cé gur ceann scríbe a bhíonn in Éirinn ag lucht na gáinneála den chuid is mó, tarlaíonn gáinneáil ar dhaoine taobh istigh den tír chomh maith, gáinneáil lena ngabhann dúshaothrú gnéasach ar leanaí go minic.

Tá de cháil go láidir ar Éirinn go ndéantar bearta in aghaidh chun dul i ngleic leis an

ngáinneáil. Treisíodh leis an dícheall cur in aghaidh na gáinneála ar dhaoine in Éirinn sa bhliain 2008 nuair a cuireadh Aonad faoi leith ar bun sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun cur in aghaidh na Gáinneála ar Dhaoine. Foilsíodh ina dhiaidh sin, sa bhliain 2009, an chéad ***Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine in Éirinn a Chosc agus a Chomhrac.***

Féachadh leis an gcéad Phlean sin le cearta an íospartaigh a d'fhulaing ó gháinneáil a chosaint. Leagadh amach go mion an próiseas trína bhféadfaí íospartaigh ó gháinneáil ar dhaoine a thabhairt chun suntais agus creatchóras cuimsitheach de bhearta cunta trína bhféadfaí cearta an íospartaigh ar chead cónaithe, cóiríocht chúí, comhairle dlí, cúram leighis agus síceolaíochta, oiliúint teanga agus gairme agus slándáil a dheimhniú.

Féachtar tríd an Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta le treisiú leis an gcreatchóras a cuireadh ar bun faoin gcéad Phlean agus leis na bearta a tháinig faoin bPlean sin. Leagtar amach sa dara Plean an creatchóras docht reachtaíochta agus riaracháin a cuireadh ar bun agus a tugadh chun cinn ó foilsíodh an chéad Phlean chun cur in aghaidh na gáinneála ar dhaoine. Tagann i gceist leis an gcreatchóras sin,

beartha reachtaíochta náisiúnta de leithéid an ***Achta um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) 2009*** agus an Achta um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) (Leasú) 2013 chomh maith le reachtaíocht idirnáisiúnta, mar shampla an ***Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus íospartaigh na gáinneála a chosaint***.

Leagtar amach sa Phlean chomh maith a choitianta a bhí gáinneáil ar dhaoine in Éirinn idir na blianta 2009 agus 2015 agus roinnt de na tionscnaimh ar tugadh fúthu go dtí seo chun gáinneáil ar dhaoine in Éirinn a chosc, tuiscint ar an gcoir ghránna seo a chothú agus cuidiú leis na híospartaigh.

Tríd an Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta seo, cuirtear leis na seifteanna reatha agus deimhnítear an dúthracht oibriú in éineacht lenár gcuid páirtnéirí chun an choir ghránna seo a chosc agus a chomhrac. Baintear buntáiste as an lón foghlamtha sa tír seo agus go hidirnáisiúnta agus déantar foráil do thionscnaimh nua chun tabhairt faoin ngáinneáil ar dhaoine cibé modh ina dtugtar faoin íde sin a imirt ar na híospartaigh. I gcomhairle leis na geallsealbhóirí, sa Rialtas agus sa tSochfaí Shibhialta araon, a rinneadh an Plean a leagan amach agus tugtar san áireamh na

moltaí agus na torthaí a cuireadh in iúl tar éis bearta éagsúla meastóireachta idirnáisiúnta ar chás na hÉireann le blianta anuas..

Tá d'aidhm leis an dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta seo:

- Gáinneáil ar dhaoine a chosc;
- Íospartaigh a fhulaingíonn ó gháinneáil a thabhairt chun suntais, cabhair agus cúnamh a thabhairt dóibh agus iad a chosaint;
- Seifteanna éifeachtúla maidir leis an dlí coiriúil a chinntiú;
- A chinntiú go mbíonn seifteanna na hÉireann maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine ag teacht leis an ngá le cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine agus meáite maidir le ceisteanna inscne;
- Comhordú agus comhoibriú éifeachtúil a chinntiú idir na príomhghníomhairí, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta;
- Cur le leibhéal an eolais faoi na pátrúin atá ag teacht chun cinn maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine; agus
- Leanacht de sheifteanna éifeachtúla i ndáil leis an ngáinneáil ar leanaí a chinntiú.

Rinneadh an dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta a leagan amach faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Cosc;
- Cosaint;
- An Dlí Coiriúil:
Seifteanna/Ionchúiseamh;
- Páirtnéireacht;
- Seifteanna maidir le Gáinneáil ar Leanaí; agus
- Monatóireacht agus meastóireacht.

Luaitear 65 beart sa Phlean a leanfar díobh nó a chuirfear i bhfeidhm i rith na mblianta seo romhainn gan iad sin a lua mar

theorainn lena ndéanfar. Tá i gceist gur cáipéis sholúbtha an Plean a ndéanfar a leasú de réir mar is mó an cleachtadh a fhaightear ar an réimse nua oibre seo agus de réir mar a thagann ábhar nua dúshláin chun cinn. Leanfaidh an Grúpa Ardleibhéil Idir-rannach maidir le Cur in Aghaidh na Gáinneála ar Dhaoine, faoi mar a cuireadh ar bun faoin gcéad Phlean Gníomhaíochta sa bhliain 2008, de mhonatóireacht a dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm.

LIOSTA NA mBEART SA DARA PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA NÁISIUNTA

| Uimhir | Gníomh | Beartaíocht/Táscairí |
|----------|---|--|
| 1 | Riachtanais oiliúna a thabhairt chun suntais | Anailís ar na riachtanais oiliúna a dhéanamh lena mbaineann meastóireacht ar an oiliúint reatha. |
| 2 | Deiseanna maidir le cothú tuisceana/oiliúint in earnálacha nua a scrúdú | Straitéis maidir le cothú tuisceana agus le hoiliúint a fhorbairt, agus earnálacha a bhfuil deacracht ag baint leo a thabhairt chun suntais san áireamh. Bearta a dhéanamh chun cur leis an eolas ar an ról atá le gníomhaireachtaí earcaíochta agus ar an ról atá le modhanna earcaíochta ar líne maidir le díriú ar dhaoine leochaileacha |
| 3 | Leanacht den chothú tuisceana le forais oideachais ar na leibhéil ar fad | Pacáistí oideachais faoi gháinneáil a scaipeadh ar fhorais oideachais dara leibhéal. Seimineáir a chur ar fáil d'fhorais oideachais tríú leibhéal agus díriú go háirithe ar réimsí léinn a bhféadfadh rólanna sna línte tosaigh a bheith ag baint leo. |
| 4 | Féachaint le leas a bhaint as an idirlíon agus/nó as na meáin shóisialta mar bheart coisctheach | Monatóireacht a dhéanamh ar bheartaíocht de chuid an Choimisiúin Eorpaigh ina leith sin agus glacadh le comhairle maidir leis an ábhar. |
| 5 | Scrúdú a dhéanamh an bhféadfaí tionscadail a fhorbairt i gcomhar le páirtnéirí idirnáisiúnta a bheadh dírithe ar chothú tuisceana agus ar oiliúint maidir le gnéithe faoi leith den gháinneáil ar dhaoine | Cur isteach ar chistíocht ón AE maidir le tionscadail i gcomhar le páirtnéirí de chuid an AE agus sa tsochaí shibhialta agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile a bhaineann le hábhar. Leanacht ar aghaidh le tionscadail arna maoiniú ar an AE atá ar bun cheana féin. |
| 6 | Cuidiú leis na meáin chumarsáide maidir le scéalta faoi gháinneáil a fhiosrú agus iad a chur i láthair ar bhealach atá cúramach aireach | De réir mar is cuí, treoirlínte a eisiúint i ndáil leis an aire is gá agus tuairisciú á déanamh ar chásanna gáinneála agus i ndáil le forálacha na reachtaíochta i leith an ábhair sin. |
| 7 | Modhanna meastóireachta a bheith mar chuid d'fheachtais chun tuiscint a chothú agus de thionscnaimh oiliúna | Fanacht go dtagann treoirlínte ó Choimisiún an AE agus iad sin a chur i bhfeidhm i ndáil le haon mhodhanna meastóireachta a úsáidtear san am atá romhainn. |
| 8 | Leanacht d'imeachtaí faoi leith a eagrú ar Lá an AE in aghaidh na Gáinneála ar Dhaoine d'fhonn cur le tuiscint an phobail ar gháinneáil | Bearta cuí a fhorbairt d'imeachtaí ar Lá an AE in aghaidh na Gáinneála ar Dhaoine. |

| Uimhir | Gníomh | Beartaíocht/Táscairí |
|--------|--|--|
| 9 | Clár páirtnéireachta idir Cúnamh Éireann agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair | An cheist maidir le cúnamh leanúnach do chlár chun cuidiú le daoine a fhulaingíonn saothar éigeantach nó saothar linbh a mheas. |
| 10 | Leanacht de na "Treoirí maidir le fostaithe príobháideacha tís a fhostú ag baill foirne taidhleoireachta" a chur i bhfeidhm; athbhreithniú de réir mar is gá, scrúdú ar cheisteanna maidir le cead ag daoine den teaghlach a theacht in éineacht leis an bhfostaí le linn thréimhse an phoist san áireamh. Páirt ghníomhach a ghlacadh i bplé idirnáisiúnta ar an gceist seo | Agallaimh a dhéanamh go tráthúil; comhairliúchán rialta leis na páirtnéirí cuí; páirt ghníomhach a ghlacadh sa phlé idirnáisiúnta ar an réimse seo. |
| 11 | Leanacht den dícheall maidir lena chinntiú go mbíonn an teorainn ina líne dhocht cosanta in aghaidh lucht gáinneála an tráth céanna a gcinntítear caighdeáin maidir le cearta lucht imirce a chaomhnú | Clár oideachais, oiliúna agus monatóireachta a thabhairt chun cinn agus a chur i bhfeidhm de réir mar is cuí. |
| 12 | Comhoibriú idirnáisiúnta a fhorbairt | Ceangal a chothú le FRONTEX agus leis na tíortha ar dá mbunadh na híospartaigh a fhulaingíonn ón ngáinneáil. |
| 13 | Leanacht de shonraí faoin ngáinneáil ar dhaoine a bhailiú agus a chur faoi anailís | Ceangal a chothú le heagraíochtaí Stáit agus le heagraíochtaí neamhrialtais d'fhonn bailiú éifeachtúil ar shonraí iontaofa a chur chun cinn. Bailiú sonraí agus foilsiú tráthúil na dtuarascálacha bliantúla náisiúnta. |

| Uimhir | Gníomh | Beartaíocht/Táscairí |
|--------|---|--|
| 14 | Lón ábhair a chur ar fáil do Chórais Bailithe Sonraí na hEorpa de réir mar is cuí | Beart a dhéanamh de réir mar a thagann iarratas ar shonraí ó fhorais aitheanta de chuid na hEorpa, mar shampla Eurostat. |
| 15 | Scrúdú a dhéanamh ar mhodhanna oibre trína bhfeabhsófaí an mheastóireachta maidir leis an scála a d'fhéadfadh a bheith ag baint le gáinneáil ar dhaoine nach dtugtar faoi deara | An leas a d'fhéadfaí a bhaint as an modh oibre maidir le Meastachán Ilchórais a mheas. |
| 16 | Modhanna oibre a scrúdú atá dírithe ar eolas fadtréimhseach a chur ar fáil i ndáil le bearta imscrúdúcháin faoi gháinneáil ar dhaoine | 'Múnla laghdaitheach' a fhorbairt i ndáil le bearta imscrúdúcháin maidir le gáinneáil ar dhaoine ón tráth a dtugtar cás chun suntais ar aghaidh. Tiomsú sonraí a bhfuil bunachar sonraí nuafhorbartha maidir leis na híospartaigh, torthaí san áireamh, mar bhonn faoi. |
| 17 | Taighde maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine a dhéanamh agus a spreagadh | Sonraí a thiomsú agus a chur faoi anailís agus caidreamh a chothú le lucht taighde maidir le dúshaothrú i réimse an tsaothair, dúshaothrú gnéis, bearta coisctheacha agus modhanna maidir le rannpháirtíocht an phobail a úsáid de réir mar is cuí. |
| 18 | Scrúdú a dhéanamh ar na córais comhairliúcháin reatha. | Plé leis na geallsealbhóirí i ndáil le hathchóiriú ar na córais comhairliúcháin reatha agus i ndáil is na rannpháirtithe. |
| 19 | Oibriú leis an tsochaí shibhialta, le ceardchumann agus le lucht gnó chun modhanna éifeachtúla a scrúdú trína ndéanfaí an t-éileamh ar gháinneáil de gach sórt a mhaolú. | Plé leanúnach leis na geallsealbhóirí agus monatóireacht ar chora nua ar an leibhéal idirnáisiúnta d'fhonn na modhanna is fearr a thabhairt chun suntais maidir leis an éileamh i ndáil le dúshaothrú saothair agus dúshaothrú gnéis a mhaolú. Réimsí gníomhaíochta, spriocanna agus tráthchláir a shonrú i bpleananna oibre. |
| 20 | Bearta reachtaíochta d'fhonn an t-éileamh ar sheirbhísí striapachais ó íospartaigh gáinneála a mhaolú. | Bille um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéis). Aon mholtaí eile maidir leis an reachtaíocht a mheas. |

| Uimhir | Gníomh | Beartaíocht/Táscairí |
|--------|---|--|
| 21 | Athbhreithniú ó bhonn a dhéanamh ar an bpróiseas maidir le híospartaigh a fhulaingíonn gáinneáil a aithint go foirmeálta agus ar le torthaí de réir tráthchláir ionas go gcinntítear go bhfuil próiseas ar bun a luaithe is féidir atá sásúil i ndáil leis an sárchleachtas go hidirnáisiúnta | Athbhreithniú, agus an fhorbairt ar aon phróiseas nua, a dhéanamh mar bheart príomhthábhachta i gcomhairle leis na heagraíochtaí Stáit agus na heagraíochtaí sochaí sibhialta ar fad atá gníomhach sa réimse seo. Athscrúdú a dhéanamh ar an bpróiseas maidir le deis athshlánúcháin agus machnaimh a chur ar fáil d'íospartaigh a fhulaingíonn gáinneáil. |
| 22 | Scrúdú a dhéanamh ar na modhanna oibre chun feabhas a chur ar na leibhéil maidir le íospartaigh a d'fhulaing gáinneáil ar dhaoine a thabhairt chun aire agus díriú go háirithe ar eárnálacha a bhfuil deacrachtaí ag baint leo. | Scrúdú a dhéanamh i gcomhairle le hiomlán na n-eagraíochtaí Stáit agus na n-eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta atá gníomhach i ndáil leis an réimse seo le haird ar an dualgas dearfach gáinneáil ar dhaoine a chosc, ionchúiseamh a dhéanamh ina leith agus pionós a ghearradh. |
| 23 | An soláthar maidir le réimse iomlán seirbhísí a choinneáil ar bun do dhaoine a fhulaingíonn gáinneáil a dhéanamh orthu. | Leanacht de sheirbhísí a chur ar fáil d'íospartaigh faoin gCóras Náisiúnta Atreorúcháin e.g. <ul style="list-style-type: none"> - Cóiríocht - Comhairle Dlí - Seirbhísí Síceolaíochta agus Sláinte - Cead imirce de réir mar is gá <ul style="list-style-type: none"> - Cáipéis chuimsitheach polasaí a fhorbairt agus a thabhairt isteach ina leagtar amach na bearta i ndáil le cosaint agus cúnamh a thabhairt don uile íospartach, go háirithe d'íospartaigh ag a bhfuil riachtanais speisialta. |
| 24 | Monatóireacht agus scrúdú a dhéanamh maidir le leordhóthanacht na seirbhísí a chuirtear ar fáil d'íospartaigh a d'fhulaing gáinneáil ar dhaoine agus, nuair is gá sin, moltaí a dhéanamh maidir lena bhfeabhsú | Monatóireacht maidir leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil d'íospartaigh. Réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu a shonrú, an creatchóras is éifeachtúla a shonrú san áireamh, agus oibriú ar mhaithe leis an bhfeabhsú sin a thabhairt i gcrích. Monatóireacht a dhéanamh ar an mbeadh i gceist d'íospartaigh a d'fhulaing gáinneáil ar dhaoine mar gheall ar an Treoir ón AE maidir le híospartaigh a d'fhulaing gáinneáil ar dhaoine. |

| Uimhir | Gníomh | Beartaíocht/Táscairí |
|--------|--|---|
| 25 | A mheas ar chóir bunachar sonraí/córas bainistíochta cásanna maidir le seirbhísí d'íospartaigh a chur i bhfeidhm | Dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí Stáit agus leis an tsochaí shibhialta d'fhonn an modh is éifeachtúla agus is oiriúnaí chun an bunachar sonraí/córas bainistíochta cásanna seo a chur i bhfeidhm a dhéanamh amach. Fiosrú a dhéanamh maidir le haitheantóir uathúil a úsáid d'íospartaigh a fhulaingíonn ó gháinneáil ar dhaoine. |
| 26 | Leanacht ag scaipeadh eolais ionas go gcuirtear leis an tuiscint ar na táscairí maidir le gáinneáil ar dhaoine ionas gur furasta íospartaigh a thabhairt chun suntais | Ábhar treorach agus bileoga atá curtha ar fáil cheana féin faoi ghnéithe éagsúla den gháinneáil ar dhaoine a leasú agus a scaipeadh go forleathan. |
| 27 | A chinntiú go dtugtar daoine sa phróiseas tearmainn ar íospartaigh iad a d'fhulaing gáinneáil a dhéanamh orthu, chun suntais, go dtugtar cúnamh slán sábháilte oiriúnach dóibh gan dochar don cheart atá acu tearmann a iarraidh | Leanacht d'oiliúint a chur ar fáil do na gníomhaireachtaí a mbíonn baint acu le próiseas an tearmainn d'fhonn a chinntiú go ndéantar íospartaigh a thagann faoin gcóras sin a thabhairt chun suntais mar ba chóir agus an cás a chur faoi bhráid faoin gCóras Náisiúnta Atreorúcháin. Monatóireacht a dhéanamh maidir lena dtagann i gceist leis an Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 don íospartach a d'fhulaing gáinneáil. |
| 28 | Athbhreithniú a choinneáil ar bun maidir le leordhóthanacht na mbeart ar fad, an reachtaíocht san áireamh, atá dírithe ar an duine aonair a chosaint ar dhúshaothrú i réimse na hoibre | Dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na moltaí sa tuarascáil maidir le leordhóthanacht na reachtaíochta faoi láthair in Éirinn i ndáil le saothar éigeantach a bheith i aghaidh an dlí. Na bearta cosanta ar fad a choinneáil faoi athbhreithniú. |
| 29 | Treisiú leis an ról atá ag ceardchumann agus ag comhlachtaí ionadaíochta na bhfostóirí maidir le gáinneáil ar mhaithe le dúshaothrú i gcúrsaí oibre a chosc | Leas a bhaint as na córais comhairliúcháin a luaitear sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta d'fhonn treisiú leis an ról atá ag ceardchumann agus ag comhlachtaí ionadaíochta na bhfostóirí maidir le gáinneáil ar mhaithe le dúshaothrú i gcúrsaí oibre a chosc. |
| 30 | Oibriú ar mhaithe leis an bPrótacal le Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Saothar Éigeantach, Uimhir 29 a dhaingniú in Éirinn | Leas a bhaint as na córais comhairliúcháin chun freastal do dhaingniú an Phrótacail le Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Saothar Éigeantach, Uimh. 29. |

| Uimhir | Gníomh | Beartaíocht/Táscairí |
|--------|---|---|
| 31 | Bearta a dhéanamh ionas go gcuirtear leis an lón eolais maidir le gáinneáil ar mhaithe lena thabhairt go ndéantar iarraidh déirce nó bearta coireachta go héigeantach. | <p>A chinntiú go dtugtar straitéis maidir le sonraí chun cinn faoina dtugtar gáinneáil de na cineálacha seo san áireamh.</p> <p>Bunachar faisnéise a fhorbairt maidir leis na tíortha ar dá mbunadh íospartaigh a fhulaingíonn gáinneáil atá dírithe ar a thabhairt go ndéantar beartaíocht choiriúil go héigeantach.</p> <p>Cur leis an malartú faisnéise agus leis an obair i gcomhar i ndáil le gáinneáil de na cineálacha seo.</p> <p>Cur leis an tuiscint ina leith seo i measc lucht dlí agus i gcóras an dlí coiriúil.</p> |
| 32 | Treoirínte a thabhairt chun cinn a bheidh ina gcuidiú ag na húdaráis Stáit ar fad i mbun déileála le cásanna casta ina bhféadfadh gur íospartach a d'fhulaing gáinneáil daoine a mbeirtear orthu i mbun coireachta. | Treoirínte curtha i dtoll a chéile agus aontaithe. |
| 33 | A chinntiú go mbíonn íospartaigh a d'fhulaing gáinneáil ar an eolas faoi na scéimeanna cúitimh reatha atá ar fáil ag daoine a d'fhulaing ó choir agus go mbíonn an scéim ar fáil dóibh | A chinntiú go mbíonn eolas san ábhar treorach d'íospartaigh a d'fhulaing gáinneáil ar dhaoine trína leagtar amach na cearta atá acu, an ceart ar chúiteamh san áireamh agus a chinntiú go ndéantar an t-ábhar treorach sin a scaipeadh go forleathan. |
| 34 | A chinntiú go ndéantar gach beart is féidir i ndáil le cúiteamh a chur ar fáil d'íospartaigh a d'fhulaing gáinneáil ar dhaoine | Na scéimeanna cúitimh reatha d'íospartaigh a d'fhulaing gáinneáil ar dhaoine a scrúdú agus aon mholtaí is gá a dhéanamh. |
| 35 | Leanacht de chúnamh a thabhairt d'íospartaigh a d'fhulaing gáinneáil ar dhaoine maidir le filleadh go deonach ar a mbunáit | A chinntiú go mbíonn íospartaigh a d'fhulaing gáinneáil ar dhaoine ar an eolas faoin rogha atá acu filleadh go deonach ar a mbunáit agus faoin gcúnamh ath-imeasctha atá ar fáil. |
| 36 | Forbairt agus forfheabhsú breise a thabhairt ar na seifteanna forfheidhmiúcháin maidir le gáinneáil de chineál ar bith ar dhaoine | <p>Athbhreithniú a dhéanamh maidir leis na bearta forfheidhmiúcháin a rinneadh.</p> <p>An cheist maidir le bearta forfheidhmiúcháin faoi leith maidir le gáinneáil ar mhaithe le saothar éigeantach, iarraidh déirce éigeantacha agus bearta coireachta éigeantacha a scrúdú.</p> |

| Uimhir | Gníomh | Beartaíocht/Táscairí |
|--------|--|---|
| 37 | Leordhóthanacht na reachtaíochta maidir le bonn a chur faoi ionchúiseamh an lucht gáinneála a choinneáil faoi bhreithniú leanúnach | Monatóireacht leanúnach faoi éifeachtúlacht na reachtaíochta a dhéanamh agus an comhairliúchán cuí leis an nGarda Síochána a choinneáil ar bun. |
| 38 | A chinntiú go mbaintear leas as réimse iomlán na nGardaí speisialta maidir le gáinneáil a chosc agus ionchúiseamh a dhéanamh ar chásanna | Réimse iomlán acmhainní speisialta an Gharda a úsáid, de réir mar is cuí, chun díriú ar lucht gáinneála a ionchúiseamh agus chun díriú ar a ngnóthaíonn siad ón gcoireacht. |
| 39 | Aonad nua de chuid an Gharda a chur ar bun ar a leagtar cúram maidir le Gáinneáil ar Dhaoine | Aonad nua a chur ar bun ar a leagtar cúram maidir le gáinneáil ar dhaoine. Ceangal ar bun idir an tAonad nua agus iomlán na n-eagraíochtaí Stáit agus na n-eagraíochtaí de chuid na Sochaí Sibhialta atá gníomhach i ndáil leis an réimse seo. |
| 40 | Leanacht den oiliúint maidir le himscrúdú ar chásanna gáinneála a chur ar fáil do dhaoine den Gharda Síochána | Oiliúint speisialaithe i gcúrsaí imscrúdúcháin a chur ar fáil. Athbhreithniú cuimsitheach ar na modhanna oiliúna a dhéanamh. |
| 41 | An comhoibriú póilíneachta ar an leibhéal idirnáisiúnta a chaomhnú atá dírithe ar gháinneáil ar dhaoine a chosc agus ar ionchúiseamh a dhéanamh i ndáil le cionta | An caidreamh le: <ul style="list-style-type: none"> - CEPOL - EUROPOL - INTERPOL - EMPACT - FRONTEX a choinneáil ar siúl agus freastal ar na fóraim ábhartha. |
| 42 | Imscrúdú éifeachtúil a chinntiú i ndáil le gáinneáil ar dhaoine sa chás go bhféadfadh gur íospartach a rinne coir agus a chinntiú go ndéantar neamhphionósú a mheas de réir mar is cuí i ndáil leis an té a d'fhulaing gáinneáil | Leanacht den oiliúint ghairmiúil ar dhaoine den Gharda Síochána. Seisiúin eolais a eagrú leis na comhlachtaí a bhaineann le hábhar d'fhonn an cheist maidir le neamhphionósú a phlé. |

| Uimhir | Gníomh | Beartaíocht/Táscairí |
|--------|--|---|
| 43 | Leanacht de chosaint íospartaigh agus fhinné a chinntiú le linn phróiseas an dlí coiriúil | Comhairle ó Oifigeach Chosc Coireachta maidir le cúrsaí slándála agus le sábháilteacht phearsanta. |
| 44 | Leanacht de chaidreamh dlúth oibre a chothú leis an tsochaí shibhialta i ndáil le seifteanna i aghaidh na gáinneála ar dhaoine a fhorbairt agus a thabhairt i gcrích | Monatóireacht a dhéanamh maidir le héifeachtúlacht reatha agus uilechuimsitheacht na gcóras comhairliúcháin. Deiseanna maidir le tograí i gcomhar a thabhairt chun aire. |
| 45 | Caidreamh ghníomhach a chothú le heagraíochtaí neamhrialtais ar mhaithe le tuiscint a chothú agus tionscadail a fhorbairt | Oibriú i gcomhar maidir le himeachtaí chun tuiscint a chothú agus le hiarratais ar airgead de chuid an AE do thograí i gcomhar maidir le gáinneáil ar dhaoine. |
| 46 | Leanacht d'airgead a chur ar fáil d'eagraíochtaí neamhrialtais a oibríonn i ndáil le gáinneáil ar dhaoine. | A chinntiú go gcuirtear cistíocht ar fáil de réir mar is cuí agus ar bhealach chomh héifeachtach agus is féidir. |
| 47 | Scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna chun clár de chineálacha nua a mhaoiniú atá dírithe ar íospartaigh a d'fhulaing ó gháinneáil ar dhaoine, nó ar dhaoine atá ina bhaol sin (e.g. Cistí ó Chuntais Dímhaoine) | A chinntiú go ndéantar soláthar maidir le tionscadail a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine faoin bPlean Cistíochta i ndáil le Cuntais Dímhaoine. |
| 48 | Leanacht den chomhoibriú idirnáisiúnta idir an Garda Síochána agus gníomhaireachtaí forfheidhmiúcháin i ndlínsí eile a chur chun cinn | Caidreamh idirnáisiúnta idir eagraíochtaí forfheidhmiúcháin dlí a chothú i ndáil le malartú eolais, faisnéise agus sármhodhanna oibre. |
| 49 | Caidreamh dlúth oibre a choinneáil ar bun leis an Roinn Dlí agus Cirt i dTuaisceart Éireann | Tionscadail i gcomhar (e.g. comhdhálacha) a fhorbairt). Scrúdú a dhéanamh an bhféadfaí socrúithe a chur ar bun d'anailís gach re bliain ar chásanna íospairte a chuirtear faoi bhráid, ar bhonn trasteorann, d'fhonn na príomhphointí foghlamtha agus na téamaí is coitianta a thabhairt chun suntais. |

| Uimhir | Gníomh | Beartaíocht/Táscairí |
|--------|---|--|
| 50 | Rannpháirtíocht i bpróisis a bhaineann le hábhar ar leibhéal an AE | Cruinnithe de chuid Líonraí an AE agus EMPACT a fhreastal. |
| 51 | Leanacht de bhonn taca a chur faoi obair Gharda Síochána maidir le Tionscadal Santa Marta | Leanacht de chaidreamh a chothú de réir mar is cuí leis an nGarda Síochána i ndáil le Tionscadal Santa Marta. |
| 52 | A chinntiú go mbíonn daoine d'Óglaigh na hÉireann a théann i mbun feachtas Síochánaíochta Idirnáisiúnta oilte ar bhearta chun gáinneáil a chosc | 'Neamhghlacadh iomlán' a chur chun cinn mar pholasaí ag daoine d'Óglaigh na hÉireann i mbun Síochánaíochta Idirnáisiúnta dóibh agus oiliúint ina leith sin a chur ar fáil. |
| 53 | Díriú ar an mbealach is fearr a aimsiú chun íospartaigh a thabhairt chun suntais agus na cúinsí speisialta agus na riachtanais faoi leith a bhíonn ag íospartach linbh a fhulaingíonn gáinneáil a thabhairt san áireamh | Mar chuid den athbhreithniú foriomlán ar an bpróiseas maidir le híospartaigh a thabhairt chun suntais, díreofar go háirithe ar chórais d'fhonn íospartaigh linbh a thabhairt chun suntais a mheas. |
| 54 | Athbhreithniú a dhéanamh ar na córais i ndáil le sonraí a bhailiú faoi íospartaigh linbh go háirithe | Tabharfar faoi athbhreithniú a dhéanamh ar na córais reatha i ndáil le sonraí a bhailiú. |
| 55 | Monatóireacht ar an bPrótacal maidir le Tusla agus an Garda Síochána i ndáil le daoine mionaoisigh neamhthionlactha ag teacht isteach ag aerfort nó calafort | Déanfar an prótacal seo a choinneáil faoi mheas agus a leasú de réir mar is gá. |
| 56 | Athbhreithniú ar na gnáis a bhaineann leis an nGarda Síochána agus Tusla i ndáil le híospartaigh linbh a thabhairt chun suntais agus cúnamh taca a chur ar fáil dóibh | Déanfar monatóireacht ar na gnáis a bhaineann leis an nGarda Síochána agus Tusla d'fhonn a chinntiú gur den éifeachtúlacht iad agus go ndéantar freastal do riachtanais na n-íospartach linbh. |

| Uimhir | Gníomh | Beartaíocht/Táscairí |
|--------|---|---|
| 57 | Leanacht den Pholasáí maidir le Cothromaíocht Cúraim a chur chun tosaigh agus a fhorbairt | Monatóireacht a dhéanamh maidir leis an bpolasaí larchúraim agus feabhsú a thabhairt i gcrích nuair is cuí sin i ndáil leis na tráthchláir agus na nithe is féidir a chur ar fáil. |
| 58 | Leanacht den Pholasáí larchúraim atá i bhfeidhm faoi láthair | Monatóireacht a dhéanamh maidir leis an bPolasaí larchúraim agus feabhsú a thabhairt i gcrích nuair is cuí sin. |
| 59 | A chinntiú go mbíonn leas an íospartaigh linbh a fhulaingíonn ó gháinneáil ar dhaoine in uachtar maidir leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil | A chinntiú go mbíonn gach duine den lucht gairme a mbíonn plé acu le leanaí ar an eolas faoi na táscairí maidir le gáinneáil ar dhaoine agus go bhfeidhmíonn siad chun leasa an linbh. |
| 60 | A chinntiú go mbíonn teacht ag an íospartach linbh ó gháinneáil ar dhaoine ar oideachas gus go spreagtar iad i mbun an oideachais | Caidreamh a cheangal leis na forais oideachais d'fhonn an tuiscint ar gháinneáil ar leanaí a chothú agus a chinntiú go mbíonn socrúcháin oideachais chuí ar fáil acu. |
| 61 | Forbairt ar an oiliúint maidir le gáinneáil ar leanaí | Oiliúint de chineál ildisciplíneach agus idirghníomhaireachtaí faoin ngáinneáil ar leanaí a chur ar bun agus na gníomhairí a bhaineann le hábhar a shonrú. |
| 62 | Leanacht le clár do dhaoine den lucht foirne sna línte tosaigh ar dócha go dtiocfaidís trasna ar íospartaigh linbh a d'fhulaing ó gháinneáil ar dhaoine | Daoine den lucht foirne sna línte tosaigh arbh bhuntáiste dóibh oiliúint agus cúrsaí athnuachana a shonrú. |
| 63 | Soirbhiú don mhonatóireacht agus don mheastóireacht ar an mbeartaíocht ar fad a dhéantar i ndáil le gáinneáil ar dhaoine | An córas cuí a chur ar bun ionas gur féidir le heagraíochtaí idirnáisiúnta, a ghníomhaíonn i ndáil leis an réimse seo, monatóireacht dhian agus meastóireacht a dhéanamh, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"> - Comhairle na hEorpa - Coimisiún an AE - Na Náisiúin Aontaithe - an Eagraíocht um Shlándaíl agus Comhar san Eoraip agus - State Department na Stát Aontaithe. |

| Uimhir | Gníomh | Beartaíocht/Táscairí |
|--------|--|---|
| 64 | Leanfaidh Grúpa Ardleibhéil den mhonatóireacht ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta seo | <p>Cuirfear tuairiscí tráthrialta ar fáil do Ghrúpa Ardleibhéil faoin gcur i bhfeidhm agus déanfaidh an Grúpa Ardleibhéil na tuairiscí a mheas agus bearta eile, de réir mar is gá, chun cur i bhfeidhm críochnúil a chinntiú.</p> <p>An chinntiú go mbíonn gáinneáil ar dhaoine a chosc ina shlánchuid de na polasaithe maidir le leanaí de bhunadh na n-imirceach, na ndaoine a iarrann tearmann agus na ndaoine le stádas cosanta.</p> |
| 65 | Déanfar an cheist maidir le modhanna breise don mhonatóireacht neamhspleách a chur i bhfeidhm i ndáil le maoirseacht a dhéanamh ar bhearta in aghaidh na gáinneála, Rapporteur Náisiúnta a cheapadh san áireamh. | <p>Tabharfar faoi na roghanna maidir le maoirseacht neamhspleách, Rapporteur Náisiúnta a cheapadh san áireamh, a scrúdú trí chórais comhairliúcháin.</p> <p>Ba chóir smaoineamh ar athbhreithniú agus luacháil neamhspleách ar an Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta a choimisiúnú tar éis dhá bhliain.</p> |